Rannán Airgeadais Scoileanna An Roinn Oideachais agus Scileanna Cor na Madadh Baile Átha Luain Co. na hIarmhí N37 X659	AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS	Schools Division Financial Department of Education and Skills Cornamaddy Athlone Co Westmeath N37 X659

Imlitir Uimhir: 0080/2016

Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna Aitheanta

Leasú Rátaí Pá i 2017 do Rúnaíthe, Feighlithe agus Glantóirí Scoile atá fostaithe ag Boird Bhainistíochta de chuid Bunscoileanna Aitheanta ag úsáid cistiú an Deontais do Sheirbhísí Coimhdeacha agus Rátaí Leasaithe an Deontais do Sheirbhísí Coimhdeacha

Réamhrá

Tá treoir faighte agam ón Aire Oideachais agus Scileanna chun tagairt a dhéanamh don phróiseas aontaithe eadrána maidir le pá Rúnaithe agus Feighlithe Scoile a íoctar as deontas agus don Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2015 (FEMPI).

Dáta tábhachtacha

1 Eanáir 2017	Cur i ngníomh an mhéadaithe ar an Íosphá Náisiúnta go €9.25. Déantar tagairt dó sin in Imlitir **0080/2016** Cuid B.3 (ní bhaineann sé seo le Rúnaithe & Feighlithe).
1 Eanáir 2017	Íoc an íosráta de €10.75 san uair le Rúnaithe & Feighlithe. Baineann sé seo le Rúnaithe & Feighlithe atá fostaithe ag scoileanna **nach n-íoctar** faoi láthair ar scála tuarastail is ionann le scála tuarastail seirbhíse poiblí agus a maoinítear a bpá as an deontas do sheirbhísí coimhdeacha agus a n-íoctar ráta is lú ná an ráta san uair de €10.75 leo. Déantar tagairt dó in Imlitir 0080/2016 Cuid A.2, A.4 agus in Aguisín 1. Ba chóir iarratais ar chistiú breise a dhéanamh de réir Imlitir 0080/2016 Aguisín A a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 31 Márta 2017.
1 Aibreán 2017	Méadú tuarastail de 2.5% sa ráta pá san uair do Rúnaithe agus Feighlithe Scoile. Baineann sé seo le Rúnaithe & Feighlithe atá fostaithe ag scoileanna **nach n-íoctar** faoi láthair ar scála tuarastail is ionann le scála tuarastail seirbhíse poiblí agus a maoinítear a bpá as an deontas do sheirbhísí coimhdeacha Déantar tagairt dó in Imlitir 0080/2016 Cuid A.2, & A.5. Íocfar an méadú seo anuas ar chur chun feidhme an íosráta de €10.75 san uair. (Arna éascú ag an méadú sa deontas do sheirbhísí coimhdeacha i Márta 2017.)
1 Meán Fómhair 2017	Méadú de €1,000 sa bhunphá bliantúil lánaimseartha suas le €65,000 faoi chur chun feidhme an Achta FEMPI 2015. Baineann sé seo le Rúnaithe & Feighlithe a mhaoinítear as deontas agus **a íoctar** ar scála tuarastail is ionann le scála tuarastail seirbhíse poiblí mar aon le Glantóirí atá fostaithe ag scoileanna a úsáideanna maoiniú an deontais do sheirbhísí coimhdeacha nó deontas caipitíochta. Déantar tagairt dó sin in Imlitir 0080/2016 Cuid B.1 agus B.2. (Arna éascú ag an méadú sa deontas do sheirbhísí coimhdeacha i Márta 2017.)

Baineann **CUID A** den Imlitir seo le Rúnaithe agus Feighlithe Scoile atá fostaithe ag Boird Bhainistíochta de chuid bunscoileanna agus a maoinítear a gcuid pá as an deontas do sheirbhísí coimhdeacha a íocann an Roinn seo le scoileanna agus **nach n-íoctar** faoi láthair ar scála tuarastail is ionann le scála tuarastail seirbhíse poiblí. Is é cuspóir Chuid A den Imlitir seo údaráis bhainistíochta a chur ar an eolas i dtaobh chur chun feidhme in 2017 Chéim 2 den chomhaontú a dtángthas air le taobh na gceardchumann de bhun chinneadh an Eadránaí maidir le pá Rúnaithe agus Feighlithe Scoile a mhaoinítear as deontas. Leagadh amach na socruithe maidir le implementatin Chéim 1 i gCiorclán 0076/2015

Áirítear ar **Aguisín 1** den Imlitir seo foirm iarratais maidir le cistiú breise i 2017 do na scoileanna sin nach leor na cistí a bheidh acu i 2017 chun an íosráta nua de €10.75 san uair a íoc le Rúnaithe agus Feighlithe a íoctar as deontas, ráta a thagann i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017. Gheofar san aguisín treoir don tslí leis an bhfoirm iarratais a chomhlánú.

Baineann **CUID B** den Imlitir seo, a thagraíonn do mhéaduithe pá faoin Acht FEMPI 2015, le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2017, le:

- Rúnaithe agus Feighlithe Scoile atá fostaithe ag Boird Bhainistíochta de chuid bunscoileanna agus a maoinítear a gcuid pá as an deontas do sheirbhísí coimhdeacha a íocann an Roinn seo le scoileanna agus **a íoctar** faoi láthair ar scála tuarastail is ionann le scála tuarastail seirbhíse poiblí agus
- Glantóirí atá fostaithe ag bunscoileanna agus a maoinítear a gcuid pá as an deontas do sheirbhísí coimhdeacha nó an deontas caipitíochta a íocann an Roinn seo.

Leagtar amach, i g**CUID C** den Imlitir seo, rátaí athbhreithnithe an deontais do sheirbhísí coimhdeacha d'fhonn a chumasú do scoileanna na rátaí leasaithe pá atá leagtha amach i gCuid A agus i gCuid B a íoc ón 1 Eanáir 2017.

Scaipeadh agus Ceisteanna

Cinntigh, le do thoil, go dtarraingítear aird gach ball den Bhord Bainistíochta agus gach ball foirne scoile lena mbaineann ar a bhfuil san Imlitir seo.

Gheofar an Imlitir agus cinneadh eadrána an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre ar shuíomh gréasáin faoi http://www.education.ie.

Ba chóir ceisteanna maidir le cur chun feidhme na hImlitreach seo a chur ar an gcomhlacht bainistíochta scoile lena mbaineann ar an gcéad dul síos.

Philip Crosby
Caidreamh Seachtrach Foirne

Hubert Loftus
Rannán Airgeadais Scoileanna

Nollaig 2016

CUID A

Rúnaithe agus Feighlithe Scoile atá fostaithe ag Boird Bhainistíochta de chuid bunscoileanna agus a maoinítear a gcuid pá as an deontas do sheirbhísí coimhdeacha agus nach n-íoctar faoi láthair ar scála tuarastail is ionann le scála tuarastail seirbhíse poiblí.

1. Is é cuspóir Chuid A den Imlitir seo údaráis bhainistíochta a chur ar an eolas i dtaobh chur chun feidhme in 2017 Chéim 2 den chomhaontú a dtángthas air le taobh na gceardchumann de bhun chinneadh an Eadránaí maidir le pá Rúnaithe agus Feighlithe Scoile a mhaoinítear as deontas.

Cur chun feidhme an Chomhaontaithe

2. Ní bhaineann na méaduithe pá atá leagtha amach sa chomhaontú ach amháin le Rúnaithe agus Feighlithe Scoile atá fostaithe ag Boird Bhainistíochta scoileanna, agus nach n-íoctar faoi láthair ar scála tuarastail is ionann le scála tuarastail seirbhíse poiblí agus a maoinítear a gcuid pá as an deontas do sheirbhísí coimhdeacha a íocann an Roinn seo le scoileanna.

3. Ní bhaineann na méaduithe pá atá leagtha amach sa chomhaontú seo le hOifigigh Chléireachais atá fostaithe in iar-bhunscoileanna faoi Scéim 1978, agus a íoctar tríd an bpárolla a oibríonn an Roinn.

Cur i bhfeidhm Céim 2 den Chomhaontú Eadrána – Íosráta san Uair a thabhairt isteach le héifeacht ón 1 Eanáir 2017 agus méadú ar an ráta san uair le héifeacht ón 1 Aibreán 2017.
(Meabhraítear d'fhostóirí go raibh Céim 1 den chomhaontú, mar atá leagtha amach in Imlitir 0076/2015, le cur chun feidhme le héifeacht ón Eanáir 2016, rud ab ionann le 2.5% de mhéadú ar an ráta iomlán pá san uair/tuarastal bliantúil agus íosráta de €10.25 san uair (agus an 2.5% de mhéadú san áireamh) le haghaidh Rúnaithe nó Feighlithe Scoile).

4. Ba chóir d'fhostóirí uasráta de €10.75 san uair a chur chun feidhme do Rúnaithe agus Feighlithe Scoile dá dtagraítear in alt 2 thuas le héifeacht ón 1 Eanáir 2017. **Ní áirítear** ar an ráta seo an 2.5% de mhéadú dá dtagraítear ag alt 5 thíos.

5. Beidh 2.5% de mhéadú sa ráta pá san uair/tuarastal bliantúil do Rúnaithe agus Feighlithe Scoile dá dtagraítear i bparagraf 2 thuas le cur chun feidhme ag fostóirí le héifeacht ón 1 Aibreán 2017, rud a mhéadóidh an íosráta san uair go €11.01 le héifeacht ón 1 Aibreán 2017.

Céimeanna Todhchaí den Chomhaontú seo a Chur Chun Feidhme

6. Eiseofar in am trátha, níos gaire don dáta feidhmithe lena mbaineann, fógra maidir le céimeanna todhchaí den chomhaontú seo agus na méaduithe gaolmhara i gcistiú deontais.

Toirmeasc ar Laghdú ar Uaireanta Oibre de bhun an Chomhaontaithe

7. Níor chóir go leanfadh, i gcás ar bith, laghdú ar na huaireanta oibre atá ar fáil do Rúnaithe nó Feighlithe Scoile cur chun feidhme an chomhaontaithe. Ach ní chiallaíonn sé seo nach féidir le scoil líon na n-uaireanta a laghdú ar aon chúis oibiachtúil, m.sh. laghdú ar chlárú daltaí, srl.

Méadú ar Uaireanta Oibre

8. Ní mór aon mhéadú ar uaireanta oibre rúnaí nó feighlí scoile a bhainistiú laistigh de chistiú an deontais chaighdeánaigh. Ní féidir an fhoirm iarratais in Aguisín 1 a úsáid chun cistiú a iarraidh maidir le méadú ar uaireanta oibre.

CUID B

Rúnaithe agus Feighlithe Scoile atá fostaithe ag Boird Bhainistíochta bunscoileanna a úsáideann cistiú an deontais do sheirbhísí coimhdeacha agus a íoctar faoi láthair ar scála tuarastail is ionann le scála tuarastail seirbhíse poiblí agus Glantóirí atá fostaithe ag scoileanna a úsáideann cistiú ón deontas do sheirbhísí coimhdeacha nó an deontas caipitíochta

1. Is é cuspóir Chuid B den Imlitir seo údaráis bhainistíochta a chur ar an eolas maidir leis an Méadú ar an Íosphá Náisiúnta le héifeacht ón 1 Eanáir 2017 agus na méaduithe pá a bheidh iníoctha ón 1 Meán Fómhair 2017 faoin Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2015 (Acht FEMPI 2015) le:

   - Rúnaithe agus Feighlithe Scoile atá fostaithe ag scoileanna agus a maoinítear a gcuid pá as an deontas do sheirbhísí coimhdeacha agus a íoctar faoi láthair ar scála tuarastail is ionann le scála tuarastail seirbhíse poiblí agus
   - Glantóirí fostaithe ag scoileanna a úsáideann cistiú do sheirbhísí coimhdeacha nó an deontas caipitíochta.

Acht FEMPI 2015 a chur chun feidhme

2. De réir Acht FEMPI 2015, beidh an méadú seo a leanas iníoctha le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2017 don fhoireann a thuairiscítear i bparagraf 1 thuas:

   - Méadaítear pá bunúsach bliantúil lánaimseartha suas go €65,000 de €1,000

   Ba chóir pá na foirne páirtaimseartha a leasú ar bhonn pro-rata, de réir na ngnáthshocruithe, le tagairt do phá na foirne lánaimseartha dá ngaoltar iad le haghaidh cuspóirí pá.

Méadú ar an Íosphá Náisiúnta go €9.25 le héifeacht ón 1 Eanáir 2017

3. Ba chóir d'fhostóirí a chur san áireamh go méadófar an íosphá náisiúnta go €9.25 san uair le héifeacht ón 1 Eanáir 2017, faoi théarmaí an Ordaithe um Íosphá Náisiúnta (I.R. Uimh. 516 de 2016).

   Cuir san áireamh go mbeidh méadú faoin Acht FEMPI 2015, mar a thuairiscítear ag paragraf 2 thuas, ag dul d'fhostaithe a bheidh ag fáil méadú go €9.25.

CUID C
Rátaí Athbhreithnithe den Deontas do Sheirbhísí Coimhdeacha do na Scoileanna

(Le híoc i Márta 2017)

1. Bunscoileanna Príomhshrutha

Méadófar an deontas caighdeánach ráta iomlán do sheirbhísí coimhdeacha de €4 ó €153 go €157 an dalta.

Tabharfaidh sé sin an cistiú comhcheangailte do sheirbhísí coimhdeacha agus do chaipitíocht go €327, is é sin €157 + €170

Méadófar an deontas caighdeánach ráta laghdaithe de €2.50 ó €77.50 go €80 an dalta.
(Baineann sé seo le scoileanna a bhfuil rúnaí nó feighlí acu faoi scéim 1978/79 agus a íoctar tríd an bpárolla a oibríonn an Roinn.)

2. Scoileanna Speisialta

Íoctar an deontas do sheirbhísí coimhdeacha le scoileanna speisialta bunaithe ar líon na foirne lánaimseartha teagaisc atá ceadaithe ag an Roinn don scoil, mar a thuairiscítear thíos. Bunaítear an t-uasdeontas ar uasteorainn de 16 mhúinteoir.

Líon na Múinteoirí	Deontas Iomlán	Deontas Laghdaithe
1	€11,700	€5,940
2	€12,090	€6,138
3	€18,720	€9,504
4	€25,350	€12,870
5	€31,980	€16,236
6	€38,415	€19,503
7	€44,460	€22,572
8	€50,310	€25,542
9	€53,040	€26,928
10	€59,475	€30,195
11	€65,910	€33,462
12	€72,345	€36,729
13	€78,780	€39,996
14	€85,215	€43,263
15	€91,650	€46,530
16	€98,085	€49,797

Áirítear ar na rátaí leasaithe soláthar d'ÁMPC an Fhostóra.

Aguisín 1

Foirm Iarratais do chistiú breise 2017

(Ní bhaineann sé seo ach amháin leis na scoileanna sin a raibh ráta san uair is lú ná €10.75 á n-íoc acu i Nollaig 2016 lena Rúnaithe agus Feighlithe Scoile ón deontas do sheirbhísí coimhdeacha agus nach mbeidh dóthain cistí acu i 2017 chun an íosráta nua san uair de €10.75, a thiocfaidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2017, a íoc.

Ainm na scoile: _____ Uimhir Rolla: _____

Seoladh na Scoile: _____

R-phost na Scoile: _____ Uimhir Fóin na Scoile: _____

Príomhtheagmhálaí: _____

Sonraí na n-uaireanta a oibrítear agus na rátaí a íoctar

		Rúnaí	**Feighlí**
	Ainm		
	Uimhir PPS		
(i)	Uaireanta comhlán seachtainiúla conarthacha @ Nollaig 2016 (sosanna íoctha do bhéilí san áireamh)		
(ii)	Líon na seachtainí conarthacha le hoibriú idir 01/01/2017 agus 31/12/2017 (lena n-áirítear tréimhsí íoctha saoire bliantúla ach ní saoire neamhíoctha/leagain as)		
(iii)	Líon na n-uaireanta iomlána conarthacha idir 01/01/2017 agus 31/12/2017 i.e. méadaigh (i) faoi (ii)		
(iv)	Ráta pá san uair ón 31/12/2016		
(v)	An difríocht san uair idir an ráta san uair agus an íosráta de €10.75 san uair i.e. €10.75 lúide (iv)		
(vi)	An gannchion sa ráta san uair méadaithe faoi líon iomlán na n-uaireanta conarthacha le hoibriú i 2017 i.e. (iii) méadaithe faoi (v)		
(vii)	ÁSPC an Fhostóra dlite ar (vi) thuas		
(viii)	Méid iomlán an chistithe bhreise a iarrtar maidir le 2017 i.e. (vi) móide (vii)		

Má fuair an scoil cistiú breise i 2016 de réir Imlitir 0076/2015 d'fhonn an íosráta a íoc, léirigh cibé an mbeidh cistiú de dhíth, leis, le haghaidh 2017. Beidh/Ní bheidh _____

Ar athraigh an fhoireann ó rinneadh an t-iarratas i 2016. (D'athraigh/Níor athraigh) _____Má d'athraigh, tabhair na sonraí:

_____

Má tá iarratas ar chistiú breise á dhéanamh ag an scoil maidir le níos mó ná rúnaí nó feighlí amháin, ansin ní mór foirm iarratais ar leithligh a líonadh isteach.

Dearbhú:
Deimhním go bhfuil an fhaisnéis ar fad atá leagtha amach san fhoirm iarratais seo cruinn agus nach bhfuil dóthain cistithe ag an scoil chun an íosráta nua san uair de €10.75 a íoc lena rúnaithe agus feighlithe de réir riachtanais Imlitir 0080/2016
Deimhním go bhfuil an t-iarratas seo ar chistiú breise bunaithe ar uaireanta conarthacha na rúnaithe/feighlithe amhail ag Nollaig 2016 agus nach méadófar na huaireanta seo i 2017.
Deimhním go bhfuil gach doiciméad tacaíochta a bhaineann leis an iarratas seo ar chistiú breise ar fáil le scrúdú ag an Roinn má iarrtar sin.

_____
Síniú an Phríomhoide Scoile:

_____
Síniú Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Dáta: _____

Uimhir Rolla na Scoile_____

SEOL AN FHOIRM CHOMHLÁNAITHE CHUIG:

Rannán Airgeadais na Scoileanna, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná an <u>31 Márta 2017.</u>

Meastar go n-íoctar aon chistiú breise ceadaithe roimh dheireadh na scoilbhliana reatha. Ba chóir do scoil ar bith a dhéanann iarratas ar chistiú breise an cistiú reatha deontais a úsáid chun tús a chur le híoc na rátaí leasaithe ón 1 Eanáir 2017.

Treoir do chomhlánú na foirme iarratais

Pointí tábhachtacha:

1. Scoileanna a íocann ráta de €10.75 san uair nó níos mó lena gcuid rúnaithe nó feighlithe, ní cháileoidh siad chun iarratas a dhéanamh ar chistiú breise.

2. Leagtar amach sa tábla thíos an tslí ar chóir do scoileanna incháilithe an fhoirm iarratais a chomhlánú.

Fostaíonn scoil rúnaí ar feadh 20 uair sa tseachtain ó cheann ceann na scoilbhliana (37 seachtain). Is é €10.25 san uair an ráta pá ag Nollaig 2016.

Ina theannta sin, fostaíonn scoil feighlí ar feadh 16 uair san tseachtain ó cheann ceann na scoilbhliana (37 seachtain). Is é €10.50 san uair an ráta pá ag Nollaig 2016.

Sonraí na n-uaireanta a oibrítear agus na rátaí a íoctar

		Rúnaí	**Feighlí**
	Ainm		
	Uimhir PPS		
(i)	Uaireanta comhlána seachtainiúla conarthacha @ Nollaig 2016 (sosanna íoctha do bhéilé san áireamh)	20	16
(ii)	Líon na seachtainí conarthacha le hoibriú idir 01/01/2017 agus 31/12/2017 (lena n-áirítear tréimhsí íoctha saoire bliantúla ach ní saoire neamhíoctha/leagain as)	37	37
(iii)	Líon na n-uaireanta iomlána conarthacha idir 01/01/2017 agus 31/12/2017 i.e. méadaigh (i) faoi (ii)	740	592
(iv)	Ráta pá san uair ón 31/12/2016	€10.25	€10.50
(v)	An difríocht san uair idir an ráta san uair agus an íosráta de €10.75 san uair i.e. €10.75 lúide (iv)	€0.50	€0.25
(vi)	An gannchion sa ráta san uair méadaithe faoi líon iomlán na n-uaireanta conarthacha le hoibriú i 2017 i.e. (iii) méadaithe faoi (v)	€0.50*740-€370	€0.25*592-€148
(vii)	ÁSPC an Fhostóra dlite ar (vi) thuas	€370*8.5%=€31.45	€148*8.5%=€12.58
(viii)	Méid iomlán an chistithe bhreise a iarrtar maidir le 2017 i.e. (vi) móide (vii)	€370+€31.45=€401.45	€148+€12.58=€160.58